COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH

GA

9179/12

(OR. en)

PRESSE 172
PR CO 24

# PREASEISIÚINT

An 3162ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Ceartas agus Gnóthaí Baile

Lucsamburg, 26 agus 27 Aibreán 2012

An tUachtarán **Morten BØDSKOV, Aire Dlí agus Cirt na Danmhairge**

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 8914 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí ón gComhairle

*Shocraigh na hairí gnóthaí baile ar chur chuige ginearálta i ndáil le* ***córas an AE maidir le PNR*** *a bhunú, treoir i dtaca le sonraí maidir le Taifead Ainmneacha na bPaisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ghlac siad cinneadh chomh maith gan é a phlé (mar ítim A) maidir le* ***comhaontú AE-SA PNR*** *nua a thabhairt chun críche.*

*Áiríodh ar shaincheisteanna eile a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht díospóireacht maidir le togra le haghaidh rialacháin i ndáil le* ***réamhtheachtaithe pléascán*** *a mhargú agus a úsáid ina ndíreofar ar an rochtain atá ag an bpobal i gcoitinne ar na ceimiceáin in a theorannú chomh maith le conclúidí a ghlacadh maidir le* ***díradacú agus díscor*** *ó ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta.*

*Maidir le himirce, d'fhormheas an Chomhairle páipéar gníomhaíochta atá beartaithe chun* ***freagairt comhleanúnach AE*** *a áirithiú don* ***dianbhrú imirceach leanúnach****. Phléigh na hairí dréacht-chonclúidí maidir leis an* ***gCur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta*** *atáthar ag súil go nglacfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta leo i mí na Bealtaine. Bhí díospóireacht bheartais ann maidir le* ***comhaontuithe um athligean isteach****.*

*Maidir le* ***Comhchóras Eorpach Tearmainn*** *a bhunú, bhreathnaigh an Chomhairle ar an staid mar atá sa chaibidlíocht i ndáil leis na ceithre togra reachtacha atá fós le réiteach.*

*Tháinig na hairí dlí agus cirt ar chur chuige ginearálta go páirteach maidir le treoir i ndáil le smachtbhannaí coiriúla maidir le* ***déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh****. Bhí díospóireacht acu chomh maith ar rialachán atá beartaithe maidir le haitheantas frithpháirteach* ***na mbeart cosanta arna ndéanamh in ábhair shibhialta****.*

*D'éist an Chomhairle le cur i láthair ón gCoimisiún maidir le togra le haghaidh treorach i ndáil leis* ***na fáltais a thagann ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú*** *agus bhí malartú tuairimí acu faoin staid mar atá i dtaca le* ***haontachas an AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint*** *(ECHR). Thug an Chomhairle dá haire an staid mar atá i ndáil leis an* ***gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla*** *(ECRIS) a chur chun feidhme.*

*Agus seisiún na Comhairle ar siúl, phléigh an* ***Coiste Measctha*** *(an AE agus an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis) an páipéar thuasluaite maidir le freagairt comhleanúnach ón AE don dianbhrú imirceach leanúnach chomh maith leis an staid mar atá i ndáil leis an dara glúin de* ***Chóras Faisnéise Schengen (SIS II)*** *a chur chun feidhme.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** ........................................ **5**

**MÍREANNA A PLÉADH**

Córas PNR (Taifead Ainmneacha Paisinéirí) ........................................ 8

Réamhtheachtaithe pléascán ........................................ 9

Díradacú agus díscor ó ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ........................................ 10

Gníomhaíocht an AE maidir le dianbhrú imirce - Freagairt straitéiseach ........................................ 10

An Cur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta (GAMM) ........................................ 10

An Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET) ........................................ 11

Comhaontuithe um athligean isteach ........................................ 13

Fáltais a thagann ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú ........................................ 13

Smachtbhannaí coiriúla maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh ........................................ 14

Aitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta ........................................ 15

Aontachas an AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) ........................................ 16

ECRIS (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla) ........................................ 16

Aon Ghnó Eile ........................................ 17

COISTE MEASCTHA ........................................ 18

Gníomhaíocht an AE maidir le dianbhrú imirce - Freagairt straitéiseach ........................................ 18

SIS II (an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen) ........................................ 19

Aon Ghnó Eile ........................................ 19

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

### *CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

– An Mheicníocht um Chosaint Shibhialta ........ 20

– Gáinneáil ar dhrugaí ón Afraic Thiar ........ 20

– Slándáil ag imeachtaí idirnáisiúnta spóirt ........ 20

– Uachtarán Eurojust (an tAonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach) ........ 21

– Malartú uathoibríoch sonraí (VRD (Sonraí Cláraithe Feithiclí)) leis an bPolainn ........ 21

– Taifid Ainmneacha na bPaisinéirí ........ 21

### *GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

– An Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais - Athbhreithniú reachtanna ........ 22

### *GNÓTHAÍ EACHTRACHA*

– Burma/Maenmar - bearta sriantacha ........ 22

– Aontachas an AE leis an gConradh Cairdis agus Comhair san Áise Thoir Theas ........ 23

### *CEAPACHÁIN*

– Breithiúna agus abhcóidí ginearálta ag an gCúirt Bhreithiúnais ........ 23

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Joëlle MILQUET | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Baile |
| Annemie TURTELBOOM | An tAire Dlí agus Cirt |
| Maggie DE BLOCK | An Státrúnaí do Bheartas Imirce agus Tearmainn agus Lánpháirtiú Sóisialta |
| Dirk WOUTERS | An Buanionadaí |
| **An Bhulgáir:** | |
| Dimiter TZANTCHEV | An Buanionadaí |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Jan KUBICE | An tAire Gnóthaí Baile |
| Jaroslav HRUŠKA | An Leas-Aire Gnóthaí Baile |
| Mr Jiří POSPÍŠIL | An tAire Dlí agus Cirt |
| **An Danmhairg:** | |
| Morten BØDSKOV | An tAire Dlí agus Cirt |
| **An Ghearmáin:** | |
| Hans-Peter FRIEDRICH | An tAire Cónaidhme Gnóthaí Baile |
| Peter TEMPEL | An Buanionadaí |
| **An Eastóin:** | |
| Ken-Marti VAHER | An tAire Gnóthaí Baile |
| Matti MAASIKAS | An Buanionadaí |
| **Éire:** | |
| Alan SHATTER | An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta |
| **An Ghréig:** | |
| Michail CHRISOCHOIDIS | An tAire um Chosaint an tSaoránaigh |
| Ioannis IOANNIDIS | An Státrúnaí Dlí agus Cirt, Trédhearcachta agus Cearta an Duine |
| **An Spáinn:** | |
| Jorge FERNÁNDEZ DIAZ | An tAire Gnóthaí Baile |
| Fernando ROMÁN GARCÍA | An Státrúnaí Dlí agus Cirt |
| **An Fhrainc:** | |
| Claude GUEANT | An tAire Gnóthaí Baile, Críoch Thar Lear, Údarás Áitiúla agus Réigiúnacha agus Inimirce |
| Philippe ETIENNE | An Buanionadaí |
| **An Iodáil:** | |
| Anna Maria CANCELLIERI | An tAire Gnóthaí Baile |
| Paola SEVERINO DI BENEDETTO | An tAire Dlí agus Cirt |
| **An Chipir:** | |
| Ms Eleni MAVROU | An tAire Gnóthaí Baile |
| Loukas LOUCA | An tAire Dlí agus Cirt agus Oird Phoiblí |
| **An Laitvia:** | |
| Rihards KOZLOVSKIS | An tAire Gnóthaí Baile |
| Mārtiņš LAZDOVSKIS | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |

**An Liotuáin:**

| | |
|---|---|
| Mr Sigitas SIUPSINSKAS | An Leas-Aire Gnóthaí Baile |
| Tomas VAITKEVICIUS | An tAire Dlí agus Cirt |

**Lucsamburg,**

| | |
|---|---|
| Jean-Marie HALSDORF | An tAire Gnóthaí Baile agus don Grande Région, An tAire Cosanta |
| François BILTGEN | An tAire Dlí agus Cirt, An tAire um an Státseirbhís agus um Athchóiriú Riaracháin, An tAire Ardoideachais agus Taighde, An tAire Cumarsáide agus na Meán, An tAire Gnóthaí Reiligiúnacha |
| Nicolas SCHMIT | An tAire Saothair, Fostaíochta agus Inimirce |

**An Ungáir:**

| | |
|---|---|
| Károly KONTRÁT | Státrúnaí Parlaiminte, an Aireacht Gnóthaí Baile |
| Tibor NAVRACSICS | An tAire Riaracháin Phoiblí agus Dlí agus Cirt |

**Málta:**

| | |
|---|---|
| Carmelo MIFSUD BONNICI | An tAire Gnóthaí Baile agus Parlaiminte |
| Chris SAID | An tAire Ceartais, Idirphlé agus Teaghlaigh |

**An Ísiltír:**

| | |
|---|---|
| Gerd LEERS | An tAire Inimirce, Lánpháirtithe agus Tearmainn |
| Ivo OPSTELTEN | An tAire Slándála agus Dlí agus Cirt |
| Fred TEEVEN | An Státrúnaí Slándála agus Dlí agus Cirt |

**An Ostair:**

| | |
|---|---|
| Johanna MIKL-LEITNER | An tAire Cónaidhme Gnóthaí Baile |
| Walter GRAHAMMER | An Buanionadaí |

**An Pholainn:**

| | |
|---|---|
| Jacek CICHOCKI | An tAire Gnóthaí Baile |
| Michal KRÓLIKOWSKI | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |

**An Phortaingéil:**

| | |
|---|---|
| Juvenal PENEDA | An Státrúnaí, Aireacht Gnóthaí Baile |
| Fernando SANTO | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |

**An Rómáin:**

| | |
|---|---|
| Alina BICA | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |
| Marian-Grigore TUTILESCU | Státrúnaí, An Aireacht um an Riarachán agus um an Digitiú |

**An tSlóivéin:**

| | |
|---|---|
| Mr Senko PLIČANIČ | An tAire Dlí agus Cirt agus Oird Phoiblí |
| Mr Robert MAROLT | Státrúnaí Parlaiminte, an Aireacht Gnóthaí Baile |

**An tSlóvaic:**

| | |
|---|---|
| Tomáš BOREC | An tAire Dlí agus Cirt |
| Ivan KORČOK | An Buanionadaí |

**An Fhionlainn:**

| | |
|---|---|
| Päivi RÄSÄNEN | An tAire Gnóthaí Baile |
| Ms Anna-Maja HENRIKSSON | An tAire Dlí agus Cirt |

**An tSualainn:**

| | |
|---|---|
| Ms Beatrice ASK | An tAire Dlí agus Cirt |
| Tobias BILLSTRÖM | An tAire Imirce |
| Martin VALFRIDSSON | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |

**An Ríocht Aontaithe:**

| | |
|---|---|
| Theresa MAY | Státrúnaí na Roinne Baile agus an tAire do Mhná agus don Chomhionannas |
| Kenneth CLARKE | An tArd-Seansailéir, An Státrúnaí Dlí agus Cirt |

---

**An Coimisiún:**

| | |
|---|---|
| Viviane REDING | An Leas-Uachtarán |
| Cecilia MALMSTRÖM | Comhalta |

---

Rinneadh ionadaíocht do rialtas an stáit aontaigh mar a leanas:

**An Chróit:**

| | |
|---|---|
| Ranko OSTOJIĆ | An tAire Gnóthaí Baile |
| Orsat MILJENIĆ | An tAire Dlí agus Cirt |

# MÍREANNA A PLÉADH

## Córas PNR (Taifead Ainmneacha Paisinéirí)

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú faoi chur chuige ginearálta maidir le dréacht-treoir i ndáil le sonraí paisinéirí ar eitiltí a úsáid mar chosaint ar chionta sceimhlitheoireachta agus ar an gcoireacht thromchúiseach (*8916/12*). Leis an gcomhaontú i measc na mballstát maidir le cur chuige ginearálta ceadaítear d'uachtaránacht na Danmhairge idirbheartaíocht a chur ar bun le Parlaimint na hEorpa faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

Díríodh ar dhá shaincheist lárnach, i measc nithe eile, sa phlé a rinneadh sa Chomhairle. Bhain an chéad saincheist lenár cheart na rialacha nua atá beartaithe a theorannú do na sonraí maidir le Taifead Ainmneacha na bPaisinéirí (PNR) a bhailiú le haghaidh eitiltí ó thríú tíortha agus chuig tríú tíortha nó ar cheart eitiltí laistigh den AE a chlúdach chomh maith. Cheadófaí do na ballstáit leis an gcomhréiteach atá beartaithe sonraí PNR a bhailiú a bhaineann le heitiltí áirithe laistigh den AE freisin ach ní bheadh sé de cheangal orthu é sin a dhéanamh.

Bhain an dara saincheist a pléadh leis an tréimhse choinneála. Foráiltear leis an gcéad togra ón gCoimisiún, a tíolacadh i mí Feabhra 2010 (*6007/11*), do thréimhse choinneála cúig bliana ar an iomlán. Tar éis 30 lá, áfach, ní mór na sonraí PNR a chumhdach, ionas nach mbeadh na gnéithe a bhaineann leis an duine le feiceáil a thuilleadh ag an oifigeach "tosaigh" um fhorghníomhú an dlí, ach ní féidir é a fheiceáil ach amháin tar éis údarú sonrach a fháil. Measann roinnt ballstát go bhfuil an tréimhse stórála seo 30 lá róghearr ó thaobh na hoibríochtaí de mar bheadh gá ann go minic seiceáil thapa a dhéanamh - laistigh de chúpla uair a chloig - ar stair taistil duine áirithe atá roghnaithe go huathoibríoch le haghaidh tuilleadh athbhreithnithe. Is é seasamh na Comhairle anois an tréimhse choinneála iomlán cúig bliana a choimeád ach an chéad tréimhse ina bhfuil na sonraí ar fáil ina n-iomláine a shíneadh go dhá bhliain.

Is é príomhchuspóir na treorach atá beartaithe córas comhleanúnach ar fud an AE a bhunú maidir le sonraí paisinéirí ar eitiltí, trí shamhail aonair an AE a bhunú do gach ballstát a bheidh rannpháirteach sna rialacha nua agus lena n-áiritheofar comhar idir na húdaráis ábhartha san Aontas. Mar thoradh air sin, bheadh sé riachtanach do gach aeriompróir atá ag eitilt ar bhealaí atá faoi chlúdach na rialacha nua sonraí PNR a sholáthar d'údaráis fhorghníomhaithe dlí na mballstát. Ní bheadh cead ag na húdaráis sin na sonraí a úsáid, áfach, - ar sonraí iad a bhailíonn aeriompróirí cheana féin - ach chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach (trasnáisiúnta) a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

**Réamhtheachtaithe pléascán**

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le togra le haghaidh rialacháin i ndáil le réamhtheachtaithe pléascán a mhargú agus a úsáid, bunaithe ar phlépháipéar a chur uachtaránacht na Danmhairge i láthair (*8922/12*). Thíolaic an Coimisiún an chéad togra i mí Mheán Fómhair 2010 (*14376/10*) agus tá sé dírithe ar an rochtain atá ag an bpobal i gcoitinne ar réamhtheachtaithe pléascán a theorannú.

Bhí an díospóireacht dírithe ar an gcomhréiteach a d'fhéadfadh a bheith ann a tíolacadh i bplépháipéar na Danmhairge, agus thug tromlach mór ballstát tacaíocht don téacs. D'iarr an Chomhairle ar a cuid comhlachtaí ullmhúcháin leanúint den obair ar an gcomhad chun teacht ar chomhréiteach maidir leis an téacs críochnaitheach le Parlaimint na hEorpa, a luaithe is féidir.

Coimeádfar fós príomhghnéithe an chéad togra ón gCoimisiún sa togra comhréitigh ón Danmhairg a fuair tacaíocht ón gComhairle i. cosc ginearálta ar an bpobal i gcoitinne na substaintí ceimiceacha ábhartha a fháil, a bheith ina seilbh acu nó a úsáid. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, maolú ar an riail ghinearálta seo:

– trí chóras ceadúnúcháin a thabhairt isteach ina gcuirfear de cheangal ar an bpobal i gcoitinne ceadúnas a fháil agus a thaispeáint d'fhonn na substaintí ceimiceacha atá liostaithe in iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán a fháil, a bheith ina seilbh acu nó a úsáid i dtiúchan atá níos airde ná iad siúd atá leagtha síos san iarscríbhinn;

– trí chóras a bhunú le haghaidh ceannacháin a chlárú don phobal i gcoitinne chun rochtain a fháil ar thrí cinn de na substaintí atá san Iarscríbhinn, eadhon sárocsaíd hidrigine, aigéad nítreach agus nítrimeatán faoi theorainneacha áirithe tiúchana. Is iad siúd na substaintí agus an tiúchan a mbaintear an úsáid is mó astu agus lena gcruthaítear an t-ualach riaracháin is mó dá bhrí sin agus córas ceadúnúcháin á bhunú;

– a cheadú do na Ballstáit a bhfuil córas clárúcháin acu cheana féin chun rochtain a fháil ar cheann amháin de na substaintí a liostaítear san Iarscríbhinn nó ar níos mó ná ceann amháin díobh, féadfaidh siad leanúint den chóras sin a chur i bhfeidhm maidir le cuid de na substaintí nó maidir leo go léir i gcomhréir leis an gcóras clárúcháin a leagtar síos sa Rialachán.

Dhéanfadh an Coimisiún an rialachán a athbhreithniú tar éis trí bliana sa dóigh is go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh ar cheart an córas a neartú agus a chomhchuibhiú.

**Díradacú agus díscor ó ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le díradacú agus díscor ó ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta (*8624/12*).

De réir na gconclúidí seo, ní mór aird údaráis an stáit agus aird na n-údarás réigiúnach agus áitiúil a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le plé a dhéanamh ar an bhfeiniméan sin agus chun comhar níos dlúithe a spreagadh. Déantar tagairt freisin sna conclúidí don Líonra Feasachta ar an Radacú ina ndírítear go háirithe ar mhalartú eolais agus dea-chleachtais a neartú i measc na mBallstát.

**Gníomhaíocht an AE maidir le dianbhrú imirce - Freagairt straitéiseach**

D'fhormheas an Chomhairle páipéar gníomhaíochta dar teideal "Gníomhaíocht an AE maidir le dianbhrú imirce - Freagairt straitéiseach". Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar an gcaibidil ábhartha faoi Choiste Measctha.

**An Cur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta (GAMM)**

Phléigh an Chomhairle dréacht-chonclúidí maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta a bhfuiltear ag súil go nglacfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta leo i mí Bhealtaine. Bhí malartú tuairimí ag na hairí chomh maith maidir leis an gCur Chuige Domhanda nua a chur chun feidhme.

I mí na Nollag 2011, thug an Chomhairle dá haire an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "Cur chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta" (*17254/11* + *ADD 1*). Sa teachtaireacht sin, mhol an Coimisiún go mbeadh gníomhaíocht an AE sa réimse sin dírithe ar cheithre thosaíocht oibríochta: imirce agus soghluaisteacht dhlíthiúil a eagrú agus a éascú; imirce neamhrialta agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a laghdú; cosaint idirnáisiúnta a chur chun cinn agus an ghné seachtrach den bheartas tearmainn a fheabhsú; agus an dea-thionchar a bhíonn ag an imirce agus ag an tsoghluaiseacht ar chúrsaí forbartha a uasmhéadú.

Moltar sa teachtaireacht freisin an Cur Chuige Domhanda a athneartú, go háirithe tríd an méid seo a leanas: lánpháirtiú níos fearr le beartas eachtrach an AE agus comhar forbraíochta; é a ailíniú ar bhealach níos fearr le cuspóirí an AE maidir le beartas inmheánach, go háirithe straitéis Eoraip 2020 ach le beartais fostaíochta agus oideachais chomh maith; díriú níos mó ar bheartas soghluaisteachta agus víosa, chomh maith le díriú ar chosaint idirnáisiúnta agus ar an ngné sheachtrach den bheartas tearmainn; agus tosaíocht a thabhairt i gcónaí do Chomharsanacht an AE, do Chomhpháirtíocht na hAfraice-AE agus do na tíortha san Oirthear.

Lean an teachtaireacht seo teachtaireacht eile ón gCoimisiún maidir leis an imirce dar dáta an 4 Bealtaine 2011 (*9731/11*).

**An Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET)**

Thug an Chomhairle dá haire, ar bhonn páipéir ón uachtaránacht (8595/12), an dul chun cinn atá déanta san idirbheartaíocht maidir leis na tograí reachtacha atá fós gan réiteach a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Ar aon dul leis an ngealltanas atá ann an CET a neartú faoi dheireadh 2012, d'iarr an Chomhairle ar a comhlachtaí ullmhúcháin leanúint den obair ar na tograí éagsúla.

Féadfar cur síos ar na ceithre comhad atá fós gan réiteach mar seo a leanas:

– Ar ábhar na dtreoracha maidir le coinníollacha glactha, táthar ag súil go gcuirfear tús le hidirbheartaíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ina leith gan mhoill. Chuir an Coimisiún tograí athbhreithnithe ar an mbord an 1 Meitheamh 2011 (11214/11)

– Ar ábhar na dtreoracha maidir le nósanna imeachta tearmainn, tá dul chun cinn déanta, go háirithe i ndáil le rochtain ar an nós imeachta, le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu agus le nósanna imeachta brostaithe. Leantar leis an bplé i gcomhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle ar na príomhghnéithe eile amhail ráthaíochtaí do mhionaoisigh atá gan tionlacan, iarratais a dhéanfar ina dhiaidh sin agus an ceart leigheas éifeachtach a fháil. Chuir an Coimisiún togra athbhreithnithe na treorach ar an mbord an 1 Meitheamh 2011 (11207/11)

– Meastar go gcuirfear tús le hidirbheartaíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i ndáil le Rialachán Bhaile Átha Cliath gan mhoill, ar rialachán é lena mbunaítear na nósanna imeachta le cinneadh a dhéanfaidh faoin mBallstát a bheidh freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Tá sásra réamhrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime bunaithe ag an gComhairle. Leis an sásra sin, dírítear ar mheastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú praiticiúil na gcóras náisiúnta tearmainn, ar chabhair a thabhairt do Bhallstáit a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu agus ar ghéarchéimeanna tearmainn a chosc. Dhíreofaí leis an sásra sin ar bhearta a ghlacadh a mbeidh sé de chuspóir acu cosc a chur ar fhorbairt ghéarchéimeanna tearmainn seachas aghaidh a thabhairt ar na tionchair a ghabhann leis na géarchéimeanna sin nuair a tharlaíonn siad.

Ina theannta sin, ghlac an Chomhairle *conclúidí* i mí an Mhárta 2012 maidir le comhchreat don fhíor-dhlúthpháirtíocht phraiticiúil leis na Ballstáit sin a bhfuil dianbhrú ar a gcuid córas tearmainn, lena n-áirítear trí shreabha imirce measctha. Beartaítear na conclúidí sin mar shraith uirlísí chun dlúthpháirtíocht a spreagadh ar fud an AE i ndáil leis na Ballstáit sin is mó atá thíos le brú mar sin agus/nó a bhfuil fadhbanna acu maidir lena gcórais tearmainn. Is é is aidhm dóibh an sásra luathrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime atá i Rialachán leasaithe Bhaile Átha Cliath a chomhlánú agus a chur chun feidhme.

– Maidir le rialachán Eurodac, tá an plé ar feitheamh go dtí go dtiocfaidh togra leasaithe ón gCoimisiún. D'iarr na Ballstáit go gcuirfí forálacha breise isteach lena gceadófaí dá gcuid údarás forghníomhaithe dlí rochtain a bheith acu ar an mbunachar láir méarloirg uile-AE faoi réir choinníollacha dochta cosanta sonraí chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac.

Glacadh ceithre chomhaontú agus cinntí eile a bhaineann leis an CET cheana. Baineann siad leis na nithe seo a leanas:

– An treoir cháiliúcháin lena gcuirtear caighdeáin níos fearr, níos soiléire agus níos comhchuibhithe ar fáil chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu a shainaithint, ar treoir í a glacadh i mí na Samhna 2011 agus a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2012.

– An treoir um chónaí fadtéarmach a glacadh i mí Aibreáin 2011.

– Cruthú na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (OETCT) a chuaigh i mbun oibre san earrach in 2011.

– An cinneadh a glacadh i mí an Mhárta 2012 lena mbunaítear tosaíochtaí comhchoiteanna athlonnaíochta don AE do 2013 mar aon le rialacha nua maidir le maoiniú ón AE do ghníomhaíochtaí athlonnaíochta a chuirfidh na Ballstáit i gcrích.

Maidir leis an gcomhthéacs foriomlán, ba cheart a mheabhrú gur dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach ina conclúidí i mí Mheithimh 2011 gur cheart idirbheartaíocht maidir leis na gnéithe éagsúla den CET a thabhairt chun críche faoi 2012 (*EUCO 23/11*).

**Comhaontuithe um athligean isteach**

Phléigh an Chomhairle an staid mar atá maidir le comhaontuithe um athligean isteach idir an AE agus tríú tíortha agus í ag díriú go speisialta ar an Tuirc. Tá sé de rún ag uachtaránacht na Danmhairge na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar sin a ghlacadh ag céim níos déanaí.

Ón mbliain 2000 ar aghaidh, ghlac an Chomhairle 19 dtreoir idirbheartaíochta maidir le comhaontuithe um athligean isteach le tríú tíortha, ar tháinig 13 díobh i bhfeidhm cheana[1]. Tá an chaibidlíocht le tír amháin tugtha chun críche[2] agus táthar fós i mbun caibidlíochta le dhá thír eile[3].

I mí an Mheithimh 2011, ghlac an Chomhairle conclúidí lena sainítear straitéis an AE maidir le hathligean isteach.

**Fáltais a thagann ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú**

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an togra ón gCoimisiún le haghaidh treorach maidir le fáltais a thagann ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú, ar togra é a tíolacadh i mí an Mhárta 2012 (*7641/12*).

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún é a éascú do na húdaráis náisiúnta an brabús a dhéanann coirpigh ó choireacht trasteorann agus ó choireacht eagraithe a choigistiú agus a aisghabháil. Leis an dréachtrialachán, leagtar síos rialacha íosta do na Ballstáit maidir le sócmhainní coiriúla a chalcadh agus a choigistiú trí choigistiú díreach, tríd an luach a choigistiú, trí choigistiú méadaithe, trí choigistiú gan chiontú (in imthosca teoranta), agus trí choigistiú ó thríú páirtí. Má ghlactar an togra sin, éascóidh sé muinín fhrithpháirteach agus comhar éifeachtach trasteorann.

Teastaíonn ó Uachtaránacht na Danmhairge brú ar aghaidh leis an gcaibidlíocht agus cuirfidh sí tús i mí na Bealtaine le plé mionsonraithe sna comhlachtaí ullmhúcháin. Chuir roinnt Ballstát i bhfáth gur gá dul níos faide leis an forálacha do choigistiú gan chiontú agus chuir tuilleadh acu i dtreis nach mór an ionstraim a chur ar comhréir le hionstraimí náisiúnta.

---

1 An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, an Rúis, an tSeirbia, an Úcráin, an Phacastáin, Hong Cong, Macao agus Srí Lanca.

2 An Tuirc. Féach freisin na conclúidí ón gComhairle ó mhí Feabhra 2011.

3 Rinn Verde agus Maracó.

**Smachtbhannaí coiriúla maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh**

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta go páirteach i ndáil le treoir le haghaidh smachtbhannaí coiriúla maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh ("an treoir maidir le drochúsáid mhargaidh", dá ngairtear "MAD" anseo feasta). Leis an dréachtrialachán (*16000/11*) bunaítear rialacha íosta do smachtbhannaí coiriúla i gcás na gcionta is tromchúisí i dtaca le drochúsáid mhargaidh, eadhon déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh. Chruthódh sé sin oibleagáid do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an t-iompar sin inphionóis mar chion coiriúil.

Is éard atá sa chur chuige ginearálta go páirteach, Airteagal 5 go 12 agus na haithrisí a fhreagraíonn dóibh agus is é a bheidh mar bhunús ag an bplé a dhéanfar amach anseo ar an dréacht-treoir. Áirítear leis na hairteagail sin, i measc rudaí eile, forálacha do "ghríosú, rannpháirteachas agus iarracht" (Airt. 5), "smachtbhannaí coiriúla" (Airt. 6), " dliteanas daoine dlítheanacha" (Airt. 7), "smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha" (Airt. 8) agus an tuarascáil ar chur i bhfeidhm na treorach (Airt. 9).

Le linn an phlé, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur gá cineál agus leibhéal na bpionós a neasú sa treoir, ach bhí roinnt toscaireachtaí eile ina choinne sin. Bunaítear leis an gcomhréiteach atá beartaithe, go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil, faoi cheann ceithre bliana ón uair a thiocfaidh an treoir i bhfeidhm, maidir le cur i bhfeidhm na treorach agus, más gá, maidir lena riachtanaí atá sé an treoir a athbhreithniú, lena n-áirítear i dtaca lena iomchuí atá sé rialacha íosta coiteanna a thabhairt isteach i ndáil le cineál agus leibhéal na smachtbhannaí coiriúla.

Ó tharla go mbíonn roinnt mhaith gnéithe den dréacht-treoir ag brath go díreach nó go hindíreach ar an ábhar atá in ionstraimí eile (go háirithe sa rialachán maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh - "MAR"), fanfaidh an Chomhairle leis an toradh a bheidh ar an bplé a dhéanfar sna comhlachtaí ullmhúcháin chun aghaidh a thabhairt, i gceart, ar na codanna atá fágtha (Airteagail 1 go 4). Ní mór a thabhairt ar aird nach ndéanfar dochar don phlé a bheidh ann amach anseo ar na codanna sin atá fágtha, i ngeall ar an gcur chuige ginearálta go páirteach, agus d'fhéadfadh sé go gcaithfí an cur chuige sin a fhorbairt tuilleadh amach anseo sula rachfar i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, atá mar chomhreachtóir san ábhar seo.

**Aitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta**

Reáchtáil an Chomhairle díospóireacht ar an rialachán atá beartaithe maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta arna iarraidh sin don duine atá i mbaol (*10613/11*).

Is é is aidhm don togra sin creat dlíthiúil a bhunú lena áirithiú go mbeidh meicníocht éifeachtúil ann chun sochair gach birt chosanta arna dhéanamh i mBallstát chun a shaorchúrsaíocht a áirithiú ar fud an AE. Is é is aidhm dó freisin an tOrdú Cosanta Eorpach ("an Treoir OCE") a chomhlánú, a chlúdaíonn orduithe cosanta arna ndéanamh in ábhair choiriúla (*14517/11*). Le raon feidhme an dá ionstraim le chéile, ba cheart go dtabharfaí an chosaint is mó is féidir d'íospartaigh.

Thacaigh na hAirí le treoirlínte maidir le mór-shaincheisteanna áirithe i dtaca leis an togra, chun treoir a thabhairt don obair a dhéanfar amach anseo. Baineann na treoirlínte sin (*8913/12*) leis na trí mhór-shaincheist seo a leanas:

– an gá oibriú go pras chun an rialachán atá beartaithe a ghlacadh. Chuir an Chomhairle i dtreis gur cheart leanúint leis an obair atá á déanamh ar an rialachán mar ábhar tosaíochta.

– an gá atá le córas simplí chun bearta cosanta a aithint agus a fhorghníomhú. Thug an Chomhairle dá haire gur cheart go mbeadh aitheantas uathoibríoch ann agus nár cheart go mbeadh dearbhú in-fhorghníomhaitheachta ag teastáil. Chuir sí i bhfáth freisin go gcaithfear an nós imeachta a choimeád simplí i bhfianaise na gcineálacha éagsúla údarás atá i gceist.

– a thábhachtaí atá sé teastas a chruthú lena gcuirfear ar chumas na n-íospartach bearta cosanta a agairt i mBallstát eile d'fhonn aitheantas a éascú agus d'fhonn an gá a bhíonn le haistriúchán a laghdú.

Is cuid de phacáiste reachtach é an togra, atá dírithe ar chur leis an gcosaint a thugtar d'íospartaigh san AE. Áirítear leis an bpacáiste reachtach sin freisin treoir maidir le híoschaighdeáin i ndáil le cearta íospartach na coireachta agus i ndáil leis an tacaíocht agus leis an gcosaint a thugtar dóibh.

Chinn an Ríocht Aontaithe agus Éire go mbeidís rannpháirteach san ionstraim seo. Ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach ann.

**Aontachas an AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR)**

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis na saincheisteanna sin atá fós gan réiteach i ndáil le haontachas an AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR).

Thug an Chomhairle dá haire an toradh a bhí ar an bplé a rinneadh ar dhréacht-chomhaontú aontachais. Chinn an Uachtaránacht go bhfillfí ar an gcaibidlíocht ar an mbonn sin, láithreach. Ag an am céanna, ba cheart leanúint leis an bplé laistigh den AE maidir leis na rialacha lena rialófar nósanna imeachta inmheánacha i dtaobh an aontachais.

I mí an Mheithimh 2010, ghlac an Chomhairle sainordú caibidlíochta agus reáchtáladh cúpla seisiún caibidlíochta ó shin.

Le Conradh Liospóin, leagtar síos an bunús dlí d'aontachas an AE leis an ECHR. Foráiltear don méid seo a leanas in Airt. 6(2) CAE: "Aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint". De réir Chlár Stócólm, tá an méid sin "ríthábhachtach". Iarrtar freisin, sa chlár sin, go n-aontófaí "go pras" don ECHR. ECRIS (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla)

**ECRIS (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla)**

Thug an Chomhairle dá haire an staid mar atá i ndáil leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) a chur chun feidhme.

Is é is aidhm do Thionscadal ECRIS córas leictreonach a chur ar bun chun faisnéis a tharraingítear as taifid choiriúla a mhalartú. Tá an córas bunaithe ar Chinneadh 2009/316/JHA ón gComhairle a ghlac an Chomhairle in Aibreán 2009. Ba cheart go mbeadh an próiseas cur chun feidhme tugtha chun críche faoin lá inniu; Ritheadh an reachtaíocht cur chun feidhme go léir atá riachtanach agus cuireadh an teicníocht i bhfeidhm.

**Aon Ghnó Eile**

Faoi aon ghnó eile, chuir an Uachtaránacht in iúl do na toscaireachtaí an staid mar atá maidir le líon na dtograí reachtacha atá ann i láthair na huaire, lena n-áirítear:

– dhá dhréacht-treoir a bhaineann leis an imirce, eadhon maidir le haistrithe laistigh de chorparáidí agus oibrithe séasúracha; agus

– dréacht-Rialachán maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forghníomhú cinntí agus ionstraimí barántúla in ábhar comharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh i mí an Mhárta 2012 (*7443/12*) agus táthar ag súil go nglacfaidh an Chomhairle an Rialachán i mí an Mheithimh 2012.

D'iarr aire na hUngáire ar a chomhghleacaithe freastal ar shearmanas i mBúdaipeist an 23 Lúnasa 2012, Lá Cuimhneacháin i gcuimhne ar íospartaigh na réimeas ollsmachtach. Le linn uachtaránacht na hUngáire, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an ábhar sin (*9317/11*).

**COISTE MEASCTHA**

Agus cruinniú na Comhairle ar siúl, phléigh an Coiste Measctha (an AE agus an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis) na hábhair seo a leanas:

**Gníomhaíocht an AE maidir le dianbhrú imirce - Freagairt straitéiseach**

Ba dhíol sásaimh don Choiste an páipéar gníomhaíochta dár teideal "Gníomhaíocht an AE maidir le dianbhrú imirce - Freagairt straitéiseach" agus tháinig sé ar chomhaontú ina leith (8714/1/12). Is é is aidhm don pháipéar liosta gníomhaíochtaí a leagan amach i réimsí straitéiseacha tosaíochta inar gá breis oibre a dhéanamh agus inar gá faireachán a dhéanamh ar an méid atá á déanamh chun na dianbhrúnna atá ann cheana a chosc agus a rialú, ar dianbhrúnna iad a eascraíonn as an imirce neamhdhleathach agus as an drochúsáid atá á baint as bealaí dleathacha imirce. Tabharfaidh na hUachtaránachtaí a bheidh ar an AE amach anseo an liosta gníomhaíochta cothrom le dáta agus iarrtar ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh, dá ndeoin féin, ar dhúshláin áirithe lena áirithiú go mbeadh forléargas ag páirtí amháin ar an dul chun cinn a dhéanfar sna gníomhaíochtaí sin, agus ar an gcaoi sin go gcabhróidh siad leis na huachtaránachtaí a bheidh ar an AE amach anseo leis an gcúram a bheidh orthu.

Tugtar aghaidh sa dréachtpháipéar ar na réimsí straitéiseacha tosaíochta seo a leanas: an comhar le tríú tíortha idirthurais agus le tríú tíortha tionscnaimh a neartú i ndáil le bainistiú imirce; bainistiú feabhsaithe teorainneacha ag na teorainneacha seachtracha; imirce neamhdhleathach a chosc ag an teorainn idir an Ghréig agus an Tuirc; dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis an drochúsáid atá á baint as bealaí dleathacha imirce; saorghluaiseacht a chosaint tríd an drochúsáid a bhaineann náisiúnaigh ó thríú tíortha as cearta saorghluaiseachta a chosc; feabhas a chur ar bhainistiú imirce, lena n-áirítear ar an gcomhar i dtaobh daoine a chur ar ais.

Leanann an páipéar gníomhaíochta straitéiseach an plé a rinneadh ag roinnt de na Comhairlí in 2011 ar an ábhar sin, lena n-áirítear an Chomhairle i mí na Nollag 2011, nuair a chuir na Ballstáit fáilte roimh thuarascáil ó Uachtaránacht na Polainne maidir le freagairt an AE do na dianbhrúnna breise atá ann i ngeall ar an imirce (18302/11).

**SIS II (an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen)**

Chaith an Coiste súil ar na forbairtí is déanaí maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a chur chun feidhme, ar córas é a thiocfaidh i bhfeidhm an chéad ráithe de 2013.

Is bunachar sonraí coiteann é Córas Faisnéise Schengen (SIS), é á roinnt ag údaráis teorann agus imirce, agus údaráis um fhorghníomhú an dlí na dtíortha rannpháirteacha, agus tá faisnéis ann faoi dhaoine agus faoi earraí a cailleadh nó a goideadh. Tá rialacha dochta ar leith um chosaint sonraí i bhfeidhm maidir le SIS. Is beart cúiteach é chun na teorainneacha inmheánacha a oscailt faoi chomhaontú Schengen, ach meastar gur gné ríthábhachtach den tslándáil san AE é chomh maith. Tá an dara glúin de SIS á forbairt ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair, ar a dtugtar SIS II.

**Aon Ghnó Eile**

Faoi aon ghnó eile, cuireadh an Coiste ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí maidir leis an bplé ar rialachas Schengen, i.e an togra a bhaineann leis an sásra meastóireachta agus faireacháin, agus an togra maidir le Cód Teorainneacha Schengen a leasú i dtaca le rialú teorann a thabhairt isteach an athuair ag na teorainneacha inmheánacha.

Thug aire na Gréige fógra don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaobh phlean gníomhaíochta náisiúnta na Gréige maidir le tearmann agus imirce a chur chun feidhme, go háirithe faoi bhunú trí sheirbhís nua tearmainn (an tseirbhís um ghlacadh don chéad uair, an tseirbhís tearmainn agus an t-údarás achomhairc).

Ar deireadh, thug an coiste dá aire na húdair imní a chuir roinnt toscaireachtaí in iúl i dtaobh ceanglais maidir le víosaí a thabhairt isteach i gcás ball d'aerchriú sibhialtach ó Chónaidhm na Rúise. D'aontaigh na toscaireachtaí go gcuirfí na húdair imní sin san áireamh sna himeachtaí a bheidh ann amach anseo maidir leis an ndréacht-chomhaontú lena leasófar an Comhaontú maidir le Víosaí a Éascú idir an Rúis agus an AE.

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

***CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE***

**An Mheicníocht um Chosaint Shibhialta**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le feabhas a chur ar an gcosaint shibhialta trí mheán na gceachtanna a foghlaimíodh (*8149/12*).

Leis an gCinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2007 lena mbunaítear an Mheicníocht um Chosaint Shibhialta[1], cuireadh de chúram ar an gCoimisiún "clár a bhunú de na ceachtanna a foghlaimíodh ón idirghabháil a rinneadh de réir chreat na Meicníochta agus na ceachtanna sin a chraobhscaoileadh tríd an gcóras faisnéise".

Is é is aidhm don chlár a áirithiú go mbeadh bainistiú Eorpach i gcás tubaistí níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos comhleanúnaí tríd an taithí a fuarthas go dtí seo maidir le comhar cosanta sibhialta an AE laistigh den Aontas Eorpach nó lasmuigh de a chomhtháthú.

**Gáinneáil ar dhrugaí ón Afraic Thiar**

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil maidir leis an gcomhar chun an choireacht eagraithe a chomhrac, go háirithe gáinneáil ar dhrúgaí ón Afraic Thiar (*8610/12*).

Sa tuarascáil, tugtar léargas ar an staid mar atá i leith moltaí agus bearta a chur chun feidhme in 2011, ar moltaí agus bearta iad arna sainaithint ar bhonn an Chomhaontaithe Eorpaigh chun an gháinneáil idirnáisiúnta ar dhrugaí a chomhrac (*8821/10*), an Páipéar atá Dírithe ar Ghníomhaíocht (*5069/3/10*) agus na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí san Afraic Thiar a threisiú (*15248/1/09*).

**Slándáil ag imeachtaí idirnáisiúnta spóirt**

D'fhormheas an Chomhairle an Plean Gníomhaíochta do 2012, lena gcuirtear chun feidhme Clár Oibre an AE do 2011-2013 maidir le bearta breise atá ceaptha leis an tsábháilteacht agus an tslándáil a uasmhéadú ag imeachtaí idirnáisiúnta spóirt, go háirithe ag cluichí sacair idirnáisiúnta (*16421/10*).

[1] IO L 314, 1.12.2007.

**Uachtarán Eurojust (an tAonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach)**

D'fhormheas an Chomhairle toghadh Michele CONINSX, comhalta náisiúnta na Beilge, mar Uachtarán ar Eurojust le héifeacht ón 1 Bealtaine 2012 ar aghaidh.

An 17 Aibreán thogh comhaltaí náisiúnta Choláiste Eurojust Michele CONINSX mar Uachtarán ar Eurojust. Leis sin, tiocfaidh deireadh le sainordú Aled WILLIAMS, comhalta náisiúnta na Ríochta Aontaithe, an 30 Aibreán 2012. I gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Chinneadh Eurojust ón gComhairle, bhí gá toradh an toghcháin a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas.

**Malartú uathoibríoch sonraí (VRD (Sonraí Cláraithe Feithiclí)) leis an bPolainn**

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le seoladh an mhalartaithe uathoibríoch Sonraí Cláraithe Feithiclí (VRD) leis an bPolainn (*8475/12*). Leis an nós imeachta meastóireachta a éilítear le cinneadh 2008/616/JHA (*IO L 210, 6.8.2008*) baineadh de thátal as go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí á gcur chun feidhme go hiomlán ag an bPolainn agus dá bhrí sin go bhfuil sí i dteideal sonraí pearsanta a fháil agus a sholáthar ón dáta a dtiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm.

**Taifid Ainmneacha na bPaisinéirí**

Ghlac an Chomhairle cinneadh inniu maidir leis an gComhaontú nua AE-SA maidir le PNR a thabhairt chun críche (*17434/11*), ar comhaontú é a thiocfaidh in ionad an comhaontú atá ann cheana a bhí á chur i bhfeidhm go sealadach ó 2007 i leith. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don chomhaontú an 19 Aibreán 2012. Is cosúil go dtiocfaidh an comhaontú sin i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2012.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach *9168/12*.

## *GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

**An Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais - Athbhreithniú reachtanna**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-athbhreithnítear reachtanna an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, chun go mbeadh uachtarán an choiste incháilithe le seilbh a bheith aige freisin ar phost mar uachtarán lánaimseartha ar an Meitheal an Ghrúpa Euro (*6898/12*).

Leanann sin cinneadh ó cheannairí stáit nó rialtais an limistéir euro mí Dheireadh Fómhair seo caite, go mbeadh uachtarán lánaimseartha mar chathaoirleach ar Mheitheal an Ghrúpa Euro as seo amach. Mar thoradh air sin, an duine a cheapfar chun an phoist sin, scoirfidh sé de bheith mar oifigeach i riarachán náisiúnta agus beidh sé fostaithe ansin ag institiúidí an AE.

Athbhreithníonn an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, a bunaíodh faoi Airteagal 134 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cor eacnamaíoch agus airgeadais na mBallstát agus cuidíonn sé, i measc rudaí eile, leis an ullmhúchán a dhéantar don Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais.

Tagann an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais le chéile le comhaltaí a roghnaítear ó riaracháin na mballstát, ó na bainc cheannais náisiúnta, ón gCoimisiún agus ón mBanc Ceannais Eorpach (comhdhéanamh iomlán) nó le comhaltaí ó na riaracháin, ón gCoimisiún agus ón BCE. Toghtar an t-uachtarán ar feadh téarma oifige dhá bhliain le toiliú ó thromlach na gcomhaltaí agus féadfar an téarma sin a athnuachan.

Is é Thomas Wieser atá mar uachtarán ar Mheitheal an Ghrúpa Euro agus ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais i láthair na huaire.

## *GNÓTHAÍ EACHTRACHA*

**Burma/Maenmar - bearta sriantacha**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena gcuirtear bearta sriantacha áirithe de chuid an AE i gcoinne Bhurma/Maenmar ar fionraí ar feadh bliana, mar thoradh ar an gcomhaontú ar thángthas air sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 23 Aibreán (féach *9008/12*). Tá an rialachán comhfhreagrach ón gComhairle á ullmhú i láthair na huaire.

**Aontachas an AE leis an gConradh Cairdis agus Comhair san Áise Thoir Theas**

D'fhormheas an Chomhairle aontachas an AE leis an gConradh Cairdis agus Comhair san Áise Thoir Theas, ar conradh é a thug náisiúin ASEAN chun críche i 1976 agus arb é is aidhm dó an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an comhar a chur chun cinn sa réigiún (*7434/12*).

***CEAPACHÁIN***

**Breithiúna agus abhcóidí ginearálta ag an gCúirt Bhreithiúnais**

An 25 Aibreán, rinne ionadaithe rialtais na mBallstát na breithiúna seo a leanas a cheapadh arís ag an gCúirt Bhreithiúnais ar feadh téarma breise oifige ón 7 Deireadh Fómhair 2012 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2018:

Alexander ARABADJIEV (An Bhulgáir)

Jiři MALENOVSKÝ (Poblacht na Seice)

Thomas VON DANWITZ (An Ghearmáin)

Jean-Claude BONICHOT (An Fhrainc)

George ARESTIS (An Chipir)

Egils LEVITS (an Laitvia)

Egidijus JARAŠIŪNAS (an Liotuáin)

Alexandra PRECHAL (an Ísiltír)

Maria BERGER (an Ostair)

Gustav FERNLUND (an tSualainn).

Ceapadh Yves BOT (An Fhrainc) mar Abhcóide Ginearálta chuig an gCúirt Bhreithiúnais don téarma céanna oifige freisin.

Chomh maith leis sin ceapadh José Luís DA CRUZ VILAÇA (an Phortaingéil) mar bhreitheamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus ceapadh Melchior WATHELET (An Bheilg) agus Nils WAHL (an tSualainn) mar abhcóidí ginearálta don téarma céanna oifige.

Tá an Chúirt Bhreithiúnais comhdhéanta de 27 mbreitheamh agus ochtar abhcóide ginearálta. Ceaptar iad ar feadh téarma oifige sé bliana a fhéadfar a athnuachan. Toghann breithimh na Cúirte Breithiúnais breitheamh as a measc féin mar uachtarán ar feadh téarma trí bliana a fhéadfar a athnuachan.